

**RTÉ AG LORG IARRATAS MAIDIR LE CLÁIR DO TG4 FAOIN RÉIMSE  
'CLÁIR GHAELIGE – CEOL TRADISIÚNTA'**

Fáilteoidh RTÉ agus TG4 roimh iarratais ar shraith ceoil thraidisiúnta a bheidh le craoladh i bpríomham craolta ceoil TG4 – 9.30pm Dé Domhnaigh.

Sraith fhuinniúil, fhísiúil a bheidh ann le béim iomlán ar oirfidigh an cheoil. Déanfar an tsraith a thaifeadadh ar an láthair i gceantair éagsúla ar fud na hÉireann agus thar sáile.

Beidh togha agus rogha an cheoil uirlise, na hamhránaíochta agus an rince san áireamh, ó cheoltóirí a bhfuil cáil mhór orthu chomh maith le ceoltóirí eile nach bhfuil aithne chomh mór sin orthu (fós!).

Beidh béim láidir ar léiriú agus ar chóirí na míreanna ceoil chun rogha nua a chur ar fáil do lucht leanta an cheoil thraidisiúnta agus don phobal níos leithne araon.

Beidh idir cheoltóirí a bhfuil próifíl ard acu agus ceoltóirí nach bhfuil i lár an aonaigh fós páirteach agus beidh béim ar chóirí agus ar léiriú na míreanna ceoil agus ar an léiriú físiúil araon.

Moltar go mbeadh láithreoir ar an tsraith ach beidh fáilte roimh bhealaí físiúla eile chun nasc a dhéanamh idir na míreanna ceoil freisin.

Ní mór na cláir a léiriú mar chláir uair an chloig ar fhad lena gcaoladh i sceideal líneach TG4 agus mar bhanda nua ceoil thraidisiúnta ar líne le míreanna aonair ceoil agus ábhar eile á gcur ar fáil ar ardáin éagsúla de réir mar a bheidh á n-éileamh ag lucht leanta an cheoil go hidirnáisiúnta.

Am craolta: 9.30pm, Dé Domhnaigh.

Fad na sraithe: 6 uair an chloig ar fhad, ag tosú i bhFeabhra 2020.

Fad an chláir: 50' nóiméad

Buiséad: suas le €55k an uair chomh maith le 20k breise chun ábhar ar líne a chruthú, a léiriú agus chun poiblíocht a dhéanamh air.

Lucht Féachana: Náisiúnta

Tréimhse an chonartha: Aon bhliain amháin.

**12 meán lae an 12 Iúil 2019 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais**

**RTÉ ag lorg iarratas maidir le cláir TG4 sna blianta 2020-2021 faoin réimse siamsaíochta "Cláir Ghaeilge - Ceiliúradh Oíche Chinn Bliana":**

Tá RTÉ agus TG4 ag lorg iarratas do chlár siamsaíochta Oíche Chinn Bliana a bheidh le craoladh as Gaeltacht Chonamara chun deireadh na bliana 2019 a cheiliúradh agus chun fáilte a chur roimh 2020. Ba chóir go mbeadh léiriú eile i gceist leis an gclár beo 2 uair an chloig seo seachas mar a bheidh i gceist leis na cláir eile a bheidh le craoladh an oíche sin agus ba chóir go ndéanfaí oidhreacht agus cultúr na Gaeltachta a cheiliúradh chomh maith le tagairt a dhéanamh do Ghailimh 2020. Beidh comhaireamh síos go dtí meán oíche ag teastáil chomh maith.

Am sa Sceideal: Oíche Chinn Bliana 2019

Líon na gclár: 1

Fad an chláir: Clár beo 2 uair an chloig

Buiséad: 125k ar a mhéid

Lucht Féachana: Croí Lucht Féachana

Tréimhse an chonartha – aon bhliain amháin.

**An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: 12 meán lae an 12 Iúil 2019.**

Ideas to be submitted on the eCommissioning system <https://e-commissioning.rte.ie/SWIFT.Web/skins/rte/login.aspx> under the programme category “Cláracha Gaeilge - Ceol Tradisiúnta’

Iarratas a dhéanadh tríd coras eCoimisiún RTÉ ag <https://e-commissioning.rte.ie/SWIFT.Web/skins/rte/login.aspx> faoi “Cláracha Gaeilge - Ceol Tradisiúnta”